Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10056/22**

**IXIM 160**
**JAI 851**
**COMIX 309**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9300/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chórais faisnéise an Aontais agus le hidir-inoibritheacht na gcóras sin a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 9 agus an 10 Meitheamh 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chórais faisnéise an Aontais agus le hidir-inoibritheacht na gcóras sin a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) iad an 9 agus an 10 Meitheamh 2022.

Conclúidí ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe de chórais faisnéise an Aontais agus le hidir-inoibritheacht na gcóras sin a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. Á mheabhrú di gur de phríomhchuspóirí an Aontais Eorpaigh ardleibhéal slándála a áirithiú dá shaoránaigh i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais trí chomhar póilíneachta agus breithiúnach agus bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais a chur chun cinn i gcomhréir le forálacha Theideal V den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

2. Á chur i bhfios go láidir di nach mór na bearta a ghlactar chun an comhar póilíneachta, an comhar breithiúnach agus bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais a neartú a bheith i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta;

3. Á mheabhrú di nach mór bearta a ghlacadh i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta chun slándáil na saoránach a neartú i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, agus nach mór do na bearta sin na cearta bunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe, a urramú, amhail meas ar an saol príobháideach agus cosaint sonraí pearsanta;

4. De bhrí go rannchuidíonn cur chun feidhme chórais faisnéise an Aontais gona n-idir-inoibritheacht le cuspóirí slándála inmheánaí an Aontais sa mhéid go n-éascaíonn siad an comhar póilíneachta agus breithiúnach idir na Ballstáit, cosc, brath, imscrúdú agus ionchúiseamh cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile, agus go rannchuidíonn siad le bainistiú na dteorainneacha seachtracha trí fheabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht seiceálacha ag na teorainneacha seachtracha sin, ar an gcomhrac i gcoinne na hinimirce neamhdhleathaí, agus ar rialú sreabha imirce;

5. Á chur i bhfios go láidir di go rannchuidíonn Córas Faisnéise Schengen (CFS) le hardleibhéal slándála a choinneáil ar bun i limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais trí thacú leis an gcomhar oibríochtúil idir údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, as pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus as bainistiú a dhéanamh ar na teorainneacha agus ar an imirce;

6. Á mheabhrú di go rannchuideoidh an córas dul isteach/imeachta (EES) – dar cuspóir an inimirce neamhdhleathach a chosc, bainistiú sreabha imirce a éascú, bheith ina rannchuidiú lena sainaithneofar aon duine nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha maidir le tréimhse fanachta údaraithe ar chríoch na mBallstát, cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú – le teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú go héifeachtach trí ardleibhéal cosanta a áirithiú;

7. Á chur i bhfios go láidir di go mbunófar Tairseach Chuardaigh Eorpach, Seirbhís chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha, Stóras Coiteann Sonraí Céannachta agus Brathadóir Ilchéannachtaí mar chomhpháirteanna idir-inoibritheachta chun rannchuidiú le comhrac na calaoise céannachta agus rochtain na gcóras sin a chuíchóiriú chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc agus a bhrath, agus chun teorainneacha seachtracha an Aontais a bhainistiú agus an inimirce neamhdhleathach a chomhrac;

8. Á mheabhrú di go bhfuil an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta le bunú go háirithe chun gur fusaide daoine a shainaithint i gceart, lena n-áirítear iad siúd nach fios cé hiad nó nach tualaing dóibh iad féin a shloinneadh, nó taisí do-aithnide daonna;

9. Á chur i bhfios go láidir di go ndéanann an creat dlíthiúil Eorpach lena mbunaítear córais faisnéise an Aontais agus idir-inoibritheacht na gcóras sin an méid seo a leanas:

- is féidir foláirimh a fhorghníomhú maidir le daoine agus réada le haghaidh seiceálacha fiosrúcháin nó seiceálacha sonracha,
- is féidir an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta a cheadú le sonraí bithmhéadracha, agus i gcásanna eisceachtúla, le sonraí alfa-uimhriúla,
- beidh sé éigeantach an tacar íosta sonraí rialáilte, ar a laghad, a iontráil in CFS, agus go ndéanfar sonraí ordaithe eile a iontráil in CFS freisin, ach iad a bheith ar fáil,
- tugann sé de chumhacht do na Ballstáit sonraí dachtalascópacha agus, faoi choinníollacha áirithe, grianghraif atá stóráilte in CFS a úsáid chun duine is ábhar d'fholáireamh in CFS a shainaithint agus,
- mar a fhoráiltear i Rialachán EES, is féidir leis na húdaráis teorann agus na húdaráis inimirce cuardaigh a dhéanamh agus úsáid á baint acu as sonraí méarlorg in éineacht le híomhá den aghaidh chun aon náisiúnach tríú tír a shainaithint,

Á mheabhrú di gur faoi na Ballstáit féin a fhágtar an rogha úsáid a bhaint as na sásraí sin go léir chun sonraí pearsanta a cheadú, lena n-áirítear córais faisnéise an Aontais a chuardach trí réitigh mhóibíleacha;

10. Á thabhairt dá haire, mar sin, go gcuireann na Ballstáit in iúl go bhfuil rún daingean acu an creat dlíthiúil Eorpach lena mbunaítear córais faisnéise an Aontais agus idir-inoibritheacht na gcóras sin a chur chun feidhme agus go léiríonn siad toilteanas a ndícheall a dhéanamh na féidearthachtaí agus na socruithe dá dtagraítear i mír 9 a chur chun feidhme go huaillmhianach, san fhadtéarma;

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

11. CUIREANN SÍ I dTREIS á thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh na Ballstáit feidhmiúlachtaí chórais faisnéise an Aontais chun feidhme go huaillmhianach chun go mbeidh comhar oibríochtúil éifeachtúil ann idir údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, as pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus as bainistiú a dhéanamh ar na teorainneacha agus ar an imirce, a mhéid a chuirtear ar fáil a leithéidí;

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a mheas an gceadaítear lena ndlí náisiúnta úsáid a bhaint as na féidearthachtaí agus na socruithe cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 9, chun an comhar oibríochtúil is éifeachtúla a éascú idir údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, mar aon le teorainneacha a bhainistiú agus inimirce;

MAIDIR LEIS AN BHFÉIDEARTHACHT AN STÓRAS COITEANN SONRAÍ CÉANNACHTA A CHEADÚ,

13. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur uirlis le haghaidh sainaitheanta é ceadú an Stórais Choitinn Sonraí Céannachta i gcás nach bhfuil údarás Ballstáit in ann duine a shainaithint mar gheall ar easpa doiciméid taistil nó doiciméid inchreidte eile lena gcruthaítear céannacht an duine sin, nó i gcás ina bhfuil amhras ann faoi na sonraí céannachta arna soláthar ag an duine sin nó faoi bharántúlacht na ndoiciméad taistil nó chéannacht shealbhóir na ndoiciméad sin, nó i gcás tubaiste nádúrtha, tionóisce nó ionsaí sceimhlitheoireachta i gcás nach bhfuil an duine in ann comhoibriú nó taisí daonna gan aithint a shainaithint, nó a dhiúltaíonn an méid sin a dhéanamh;

14. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a mheas an gceadaítear lena ndlí náisiúnta dá n-údaráis phóilíneachta an Stóras Coiteann Sonraí Céannachta a chuardach le sonraí bithmhéadracha duine a tógadh beo le linn seiceáil céannachta a tionscnaíodh ina láthair chun an duine sin a shainaithint, nuair is infheidhme, agus a mheas an bhféadfaí cuardach an Stórais Choitinn Sonraí Céannachta le sonraí bithmhéadracha a dhéanamh sna sé chás ina bhforáiltear don fhéidearthacht sin leis an Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht;

MAIDIR LE SEICEÁLACHA FIOSRÚCHÁIN AGUS SEICEÁLACHA SONRACHA A DHÉANAMH TAR ÉIS FOLÁIRIMH A FHÁIL IN CFS,

15. MEABHRAÍONN SÍ go n-áirítear ar na seiceálacha fiosrúcháin ceistiú an duine, go háirithe ar bhonn faisnéise sonraí nó ceisteanna sonracha a chuir an Ballstát eisiúna leis an bhfoláireamh, agus go ndéantar an ceistiú i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit fhorghníomhaithigh; go bhféadfar daoine, feithiclí, báid, aerárthaí, coimeádáin agus réada atá á n-iompar a chuardach le linn seiceálacha sonracha agus go ndéanfar cuardaigh i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit fhorghníomhaithigh;

16. MEASANN SÍ gur cheart go bhféadfaí fiosrúchán agus seiceálacha sonracha a dhéanamh fiú nuair nach bhfuil an duine lena mbaineann faoi réir nós imeachta náisiúnta sa Bhallstát forghníomhaitheach ina bhfuil seiceálacha den sórt sin údaraithe ag an dlí náisiúnta;

17. MEABHRAÍONN SÍ, mura gceadaítear seiceálacha sonracha faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit fhorghníomhaithigh, go gcuirtear seiceálacha fiosrúcháin ina n-ionad sa Bhallstát sin, agus mura gceadaítear seiceálacha fiosrúcháin faoi dhlí náisiúnta an Bhallstáit fhorghníomhaithigh, go gcuirtear seiceálacha discréideacha ina n-ionad;

18. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur cheart an fhéidearthacht dul i muinín seiceáil dhiscréideach in ionad fiosrúcháin nó seiceálacha sonracha a chur chun feidhme gan dochar don oibleagáid atá ar na Ballstáit an fhaisnéis bhreise atá á lorg ag na húdaráis eisiúna a bhaineann leis an tseiceáil fiosrúcháin nó an tseiceáil shonrach a chur ar fáil d’úsáideoirí deiridh de réir mar is iomchuí;

19. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh úsáid fiosrúcháin agus seiceálacha sonracha cur leis an mbreisluach a chuireann CFS ar fáil sa chomhar oibríochtúil idir údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, as pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus as bainistiú a dhéanamh ar na teorainneacha agus ar an imirce;

20. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, dá bhrí sin, leas iomlán a bhaint as seiceálacha discréideacha, seiceálacha fiosrúcháin agus seiceálacha sonracha i gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta agus lena nósanna imeachta náisiúnta féin, fiú nuair nach mbíonn an duine lena mbaineann faoi réir nós imeachta náisiúnta;

MAIDIR LE SONRAÍ Ó CHOMHAID NÁISIÚNTA A IONTRÁIL IN CFS,

21. MEABHRAÍTEAR DI go bhforáiltear leis na Rialacháin nach mór sonraí alfa-uimhriúla áirithe, mar aon le sonraí bithmhéadracha, a iontráil i bhfoláireamh, ach iad a bheith ar fáil;

22. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhféadfadh sé gur ó bhunachair sonraí náisiúnta ábhartha a thiocfadh na sonraí sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta;

23. MEASANN SÍ gur réamhriachtanas é go ndéanfaí gach sonra dá bhfuil ar fáil a iontráil go héifeachtach le go mbeidh comhar oibríochtúil éifeachtúil ann idir údaráis na mBallstát atá freagrach as cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, mar aon le teorainneacha a bhainistiú agus imirce;

24. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a mheas an gceadaítear lena ndlí náisiúnta aon sonraí dá bhfuil sna bunachair sonraí náisiúnta – ar bunachair iad ar a bhfuil rochtain ag na húdaráis a úsáideann CFS agus ar sonraí iad is ábhartha do chúrsaí póilíneachta, breithiúnacha, teorann nó imirce – a chomhtháthú in CFS;

MAIDIR LE CUARDAIGH BHITHMHÉADRACHA AR CFS AR AN LÁTHAIR I gCOMHTHÉACS MISEAN SLÁNDÁLA POIBLÍ NÓ CHOMHRAC NA hINIMIRCE NEAMHDHLEATHAÍ,

25. MEABHRAÍTEAR DI go dtugtar de chumhacht, le Rialacháin CFS, do na Ballstáit, ar thaobh amháin, sonraí dachtalascópacha, íomhánna den aghaidh agus grianghraif atá stóráilte in CFS a úsáid chun amas a dhearbhú, agus, ar an taobh eile, cuardaigh dhachtalascópacha a dhéanamh in CFS chun a fháil amach an bhfuil an duine faoi réir foláireamh in CFS faoi chéannacht eile, agus go gcuirtear d’oibleagáid ar na Ballstáit ag an am céanna cuardaigh dhachtalascópacha a dhéanamh i gcás nach féidir céannacht duine a fháil amach ar aon mhodh eile;

26. MEASANN SÍ gurb inmhianaithe na cuardaigh bhithmhéadracha sin a dhéanamh a luaithe is féidir chun a áirithiú go gcuirfear cúraimí an úsáideora deiridh i gcrích go héifeachtach, agus cothromaíocht shásúil idir cuspóirí an Rialacháin agus cosaint na gceart agus na saoirsí bunúsacha á coimirciú ag an am céanna;

27. MEABHRAÍTEAR DI go moltar d'oifigigh sin na mBallstát atá freagrach as an tslándáil phoiblí agus as comhrac na hinimirce neamhdhleathaí cuardach bithmhéadrach a dhéanamh ar CFS chun na gcríoch thuasluaite;

28. MEASANN SÍ gurb inmhianaithe i gcásanna den sórt sin an cuardach bithmhéadrach sin a dhéanamh ar an toirt agus gan mhoill trí úsáid a bhaint as gléasanna móibíleacha ábhartha, ach iad a bheith ar fáil;

29. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a mheas an gceadaítear lena ndlí náisiúnta cuardaigh bhithmhéadracha ar CFS a dhéanamh fad atáthar faoi shiúl, chun críche céannacht a dhearbhú nó chun críocha sainaithint a dhéanamh i gcomhthéacs misean slándála poiblí agus chomhrac na hinimirce neamhdhleathaí, i gcás nach féidir céannacht duine a fháil amach ar aon mhodh eile;

MAIDIR LE CUARDAIGH BHITHMHÉADRACHA AR EES, FAOI SHIÚL NÓ AR AN LÁTHAIR, I gCOMHTHÉACS CHOMHRAC NA hINIMIRCE NEAMHDHLEATHAÍ,

30. MEABHRAÍTEAR DI go n-údaraítear leis an Rialachán EES d'údaráis teorann agus inimirce cuardaigh a dhéanamh agus úsáid á baint, de réir mar is infheidhme, as sonraí méarlorg nó an íomhá den aghaidh nó an dá rud le chéile, chun aon náisiúnach tríú tír a d'fhéadfadh a bheith cláraithe faoi chéannacht eile roimhe sin in EES, nó náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha a bhaineann le dul isteach nó le cónaí ar chríoch na mBallstát, a shainaithint, agus chun na críche sin amháin;

31. MEASANN SÍ go bhfuil sé inmhianaithe go ndéanfaí na cuardaigh bhithmhéadracha sin a luaithe is féidir chun a áirithiú go gcuirfear cúraimí an úsáideora dheiridh i gcrích go héifeachtach, agus cothromaíocht shásúil idir cuspóirí an Rialacháin agus cosaint na gceart agus na saoirsí bunúsacha á coimirciú ag an am céanna;

32. MEABHRAÍTEAR DI gur dócha go mbeidh ar oifigigh na mBallstát atá freagrach as comhrac na hinimirce neamhdhleathaí, agus iad i mbun a gcuid dualgas ar an láthair, náisiúnaigh tríú tír a shainaithint;

33. MEASANN SÍ gurb inmhianaithe i gcásanna den sórt sin an cuardach ar EES a dhéanamh agus úsáid á baint as sonraí méarlorg, as íomhá den aghaidh, nó as sonraí méarlorg in éineacht le híomhá den aghaidh, ar an toirt agus gan mhoill trí úsáid a bhaint as gléasanna móibíleacha ábhartha, ach iad a bheith ar fáil;

34. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a mheas an gceadaítear lena ndlí náisiúnta d'údaráis teorann agus inimirce cuardaigh mhóibíleacha a dhéanamh, ar an láthair agus gan mhoill, agus úsáid á baint as sonraí méarlorg, as íomhá den aghaidh, nó as sonraí méarlorg in éineacht le híomhá den aghaidh, chun aon náisiúnach tríú tír a d'fhéadfadh a bheith cláraithe faoi chéannacht eile roimhe sin in EES, nó náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha a bhaineann le dul isteach nó le cónaí ar chríoch na mBallstát, a shainaithint, agus chun na críche sin amháin.